# Gaelscoil Dara

## Polasaí scoile maidir le Dlúthchúram páistí agus Riachtanais Leithris

### Páistí le Riachtanais Leithris/Dlúthchúraim

- I ngach cás go bhfuil riachtanais aitheanta ag páiste maidir le leithreas/dlúthchúram, eagrófar cruinniú, i ndiaidh don pháiste a chlárú, ach sula dtosaíonn an páiste ar scoil
- Beidh na tuismitheoirí/Caomhnóirí, an Príomhoide, an Múinteoir Ranga, an Cúntoir Riachtanais Speisialta, agus, más iomchuí, an páiste i láthair ag an gcruinniú
- Deanfar soiléiriú ar na sain-riachtanais dlúthchúraim a bhaineann leis an bpáiste, agus an chaoi a mbeidh an scoil in ann freastail orthu
- Ainmneofar na baill foirne a mbeidh baint acu leis na dlúthchúraim don pháiste
- Míneofar na socraithe i gcás duine den fhoireann ábhartha a bheith as láthair (m.sh. Ní bheidh aon bhaint go hiondúil ag ionadaithe CRS (Cúntóirí Riachtanais Speisialta le dlúthchúram). Déanfar aon athrú ar na baill foirne ábhartha a phlé leis an bpáiste, más iomchuí
- Beidh beirt bhall foirne i láthair i gcás dlúthchúraim páiste i gcónaí, seachas i gcás go bhfuil socrú ar leith eile déanta leis na tuismitheoirí/caomhnóirí i scríbhinn
- Déanfar aon athrú ar na socraithe a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus nóta i scríbhinn curtha i gcomhad an pháiste
- Chomh fada agus is féidir beidh dlúthbhaint ag an bpáiste na dlúthchúraim ábhartha dó/di a aithint, a athrú &rl
- Coinneofar cóip scríofa de na socraithe aontaithe ar fad i gcomhad an pháiste
- Tabharfar tús áite i gcónaí do dhígnit agus phríomháideachas an pháiste agus dlúthchúram á phlé
- Caithfear miotóga cosanta agus baill foirne i mbun dlúthchúraim

### Timpistí Leithris

- Ag an gcruinniú do thuismitheoirí/caomhnóirí nua i naíonáin bheaga sula dtosaíonn siad ar scoil, déanfar na socraithe maidir le timpistí leithris a mhíniú dóibh, agus iarrfar orthu aon riachtanas ar leith a bhaineann lena bpáiste a chur in iúl don scoil maidir le timpistí leithris
- Coinneofar stoc fo-éadaí glana, stoc glantacháin, brístí reatha, &rl. sa scoil
- Cuirfear éadach glan ar fáil don pháiste chun iad fhéin a ghlanadh agus a athrú ar an gcéad dul síos
- Muna bhfuil an páiste in ann é/í féin a athrú ar chúis ar bith, leanfar an treoir leagtha amach ag a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí mas ann dó
- Más gá do bhaill foirne an páiste a ghlanadh/athrú , tabhbharfaidh beirt a bhfuil aithne ag an bpáiste orthu aire dó/di
- Cuirfear tuismitheorí/caomhnóirí ar an eolas faoi na timpistí seo
- Coinneofar tuairisc den eachtra i gcomhad an pháiste